Coróinvíreas
Eolas maidir le COVID-19

Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Comhairle don té a bheadh i mbaol

DÉANTAR

- **Cuimhnigh go bhfuil cúnamh** agus comhairle ar fáil ach glao gutháin a dhéanamh.
- **Bíodh uimhreacha teileafóin ar eolas** agat maidir le seirbhísí tábhachtacha agus coinnigh na huimhreacha san áit ar furasta iad a fháil.
- **Coinnigh caidreamh** ar bun leis na comharsana.
- **Iarr cárta aitheantais a thaispeáint duit** má thagann strainséir chuig an doras. Má tá tú in amhras, glaoigh ar an eagraíocht lena mbaineann siad, de réir a gcuid cainte, ar mhaithe leis an gcás a dheimhniú.
- **Déan de réir na comhairle maidir le dealú dhaoine** óna chéile agus coinnigh achar dhá mhéadar idir tú féin agus daoine eile.
- **Déan de réir threoirlínte FSS** maidir le lámha a ní agus muinchille nó ciarsúr a úsáid nuair a dhéanann tú casacht nó sraoth.

NÁ DÉANTAR

- **Ná hoscail an doras** do dhuine nach n-aithníonn tú mura bhfuil tú cinnte go bhfuil tú sábháilte.
- **Ná croith láimh** le haon duine a thagann ag an doras.
- **Ná lig duine isteach i d'áras** mura bhfuil aithne agat air/uirthi nó géarghá leis.
- **Ná tabhair sonraí pearsanta DE CHINEÁL AR BITH**, sonraí bainc nó cárta creidmheasa/dochair san áireamh, do dhuine nach bhfuil lánmhuinín agat as/aisti – bíodh an duine ar an láthair nó ar an teileafón.
- **Ná bíodh caidreamh** agat le daoine eile sa chomharsanacht a bheadh i mbaol má tá siomtóim breoiteachta á bhfulaingt agat.
- **Ná cuireadh mífhaisnéis** ar na meáin shóisialta imní ort – cloígh le comhairle FSS.

Tá an tEolas is Deireanaí le fáil ar:
www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland